Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6090/23**

**SAN 57**
**PHARM 16**
**DEVGEN 26**
**ACP 14**
**RELEX 150**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh<br>*- Malartú tuairimí* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo nóta cúlra ón Uachtaránacht chun an malartú tuairimí maidir le Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh a stiúradh ag an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (Sláinte) an 14 Márta 2023.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh**

An 30 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún **Teachtaireacht maidir le Straitéis Sláinte Domhanda nua de chuid an Aontais — Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan atá ag Athrú**[1] (dá ngairtear an Straitéis feasta). Aithnítear sa Straitéis gur colún ríthábhachtach de bheartas seachtrach an Aontais í an tsláinte dhomhanda agus, dá réir sin, aithnítear gur ríthábhachtach an réimse geopholaitiúil í. Is í príomhtheachtaireacht na teachtaireachta sin go bhfuil sé beartaithe ag an Aontas an fhreagracht atá air a athdhearbhú agus a cheannaireacht a neartú chun na caighdeáin sláinte is airde is féidir a bhaint amach, bunaithe ar luachanna bunúsacha, lena n-áirítear dlúthpháirtíocht, cothromas, agus urramú chearta an duine.

Tagann an teachtaireacht in ionad na Straitéise Sláinte Domhanda a foilsíodh in 2010. Tá gá le cur chuige nua chun dul i ngleic leis na dúshláin sláinte ar fud an domhain atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i bhfianaise phaindéim COVID-19 agus bagairtí sláinte eile, mar shampla, frithsheasmhacht fhrithmhiocróbacha, an staid gheopholaitiúil a bhfuil athrú ag teacht air i gcónaí agus an ghéarchéim shláinte agus dhaonnúil arb é an cogadh san Úcráin is cúis léi. Tá sé riachtanach freisin chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.

An ghné sheachtrach d'Aontas Sláinte na hEorpa is ea an Straitéis, lena gcosnaítear dea-bhail mhuintir na hEorpa agus athléimneacht a córas sláinte. Is cuid lárnach den Tairseach Dhomhanda é freisin, lena gcothaítear comhpháirtíochtaí idir eagraíochtaí comhionanna le tíortha comhpháirtíochta bunaithe ar an bhfreagracht chomhpháirteach agus ar an gcomhúinéireacht. Ina theannta sin, leagtar béim sa Straitéis ar a thábhachtaí atá cur chuige lena bpríomhshruthaítear an 'tsláinte i ngach beartas' chun an tsláinte a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha ábhartha. Sainaithnítear trí thosaíocht sa Straitéis nua: sláinte agus dea-bhail níos fearr a áirithiú do dhaoine ar feadh a saoil; córais sláinte a neartú agus cumhdach sláinte uilíoch a fhorbairt; agus bagairtí in aghaidh na sláinte, lena n-áirítear ó phaindéimí, a chosc agus a chomhrac, agus cur chuige na hAon Sláinte Amháin á chur i bhfeidhm.

[1] 15585/22

Tá 20 treoirphrionsabal sa Straitéis ina sonraítear na riachtanais agus na bearta is gá i réimsí sonracha. Áirítear orthu sin dul i ngleic le bunchúiseanna na drochshláinte, an digitiú a chur chun cinn, borradh a chur faoin taighde, aghaidh a thabhairt ar neamhchothroime sa lucht saothair, aghaidh a thabhairt ar bhealach níos éifeachtaí ar shaincheist na frithsheasmhachta frithmhiocróbaí, feabhas a chur ar mhaoiniú an Aontais don tsláinte dhomhanda, measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus cuntasacht a áirithiú. Tá gníomhaíochtaí a thacaíonn le cur chun feidhme na Straitéise i bplean oibre EU4Health 2023.

Bhí saincheist na Sláinte Domhanda ar chlár oibre na n-áirí sláinte roinnt uaireanta cheana féin, mar shampla le linn **Chomhairle EPSCO (Sláinte)** i mí an Mheithimh 2022. An tráth sin, leag na hairí béim ar a thábhachtaí atá sé na córais sláinte a neartú, ullmhú do ghéarchéimeanna sláinte agus freagairt orthu agus cur chuige na hAon Sláinte Amháin a chur chun cinn. Anuas air sin, leag na hairí béim ar an ngá atá leis an tionchar atá ag an Aontas ar an tsláinte ar an leibhéal idirnáisiúnta a neartú agus comhordú idir gníomhaithe ábhartha an Aontais a chur chun cinn.

Leis an Straitéis, féachtar leis an bhfócas, ar bheatha daoine a shábháil agus ar leathadh galar a laghdú ionas go gcumhdófar cur chun cinn na sláinte agus na dea-bhaile freisin. Is cur chuige iomlán nua í an Straitéis freisin maidir leis na réimsí beartais agus na hionstraimí ábhartha atá ar fáil d'Fhoireann na hEorpa. Ina theannta sin, cuireann sí deiseanna ar fáil chun comhar an Aontais a fhorbairt le comhpháirtithe domhanda, réigiúnacha agus déthaobhacha ar fud an domhain trí chomhpháirtíochtaí atá bunaithe ar chomhchéim, comhúinéireacht, comhleas agus tosaíochtaí straitéiseacha. Leis an bplé a dhéanfar ag Comhairle EPSCO (Sláinte) an 14 Márta 2023, tugtar deis do na hairí sláinte tuairimí a mhalartú maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún. Creideann an Uachtaránacht go bhfuil sé tábhachtach tuairimí na mBallstát uile a chloisteáil maidir le sineirgí a aimsiú idir tionscnaimh sláinte ar leibhéal an Aontais, mar shampla, Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, an Straitéis Chógaisíochta agus an Spás Eorpach Sonraí Sláinte atá beartaithe, agus gníomhaíochtaí ar an leibhéal domhanda. Creideann an Uachtaránacht go bhfuil sé tábhachtach tuairimí a mhalartú maidir leis an mbealach is fearr is féidir an Straitéis a chur chun feidhme.

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar na hairí aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas le linn na díospóireachta:

Q1 : Cé na sineirgí a fheictear duit idir tionscnaimh de chuid an Aontais i réimse na sláinte poiblí agus ar an leibhéal domhanda? An dóigh leat gur gá na sineirgí sin a neartú? Más gá, conas a d'fhéadfaí iad sin a neartú?

Q2 : Cad iad na gnéithe, na huirlisí agus na gníomhaíochtaí a bheadh tábhachtach chun Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais a chur chun feidhme?